

EBA/GL/2023/03

31 Márta 2023

## Treoirlínte

lena leasaítear Treoirlínte EBA/2021/02 maidir le dícheall cuí custaiméirí agus na tosca ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Treoracha maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus faoi Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

---

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla agus d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údarás inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

## Ceanglais um thuairisciú

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 03.10.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údarás inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2023/03' uirthi. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíithe

---

### Sainmhíithe

5. Chun críocha na dtreoirlínte leasaitheacha, cuirtear isteach an sainmhíniú seo a leanas:

**Eagraíochtaí neamhbhrabúsacha** Is éard is eagraíocht neamhbhrabúsach ann duine dlítheanach nó socrú nó eagraíocht a bhíonn ag gabháil go príomha do chistí a chruinniú nó a eisíoc chun críocha amhail críocha carthanachta, reiligiúnacha, cultúrtha, oideachais, sóisialta nó bráithreacha.

## 3. Cur chun feidhme

---

### An dáta iarratais

6. Beidh feidhm leis an treoirlínte seo ón 03.11.2023.

## 4. Treoirlíne maidir le custaiméirí ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha (NPOanna) iad

---

Treoirlíne 2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7(d):

2.7.(d) I gcás inar eagraíocht neamhbhrabúsach (NPO) í an custaiméir, ba cheart do na gnólachtaí na critéir a leagtar amach san Iarscríbhinn a chur i bhfeidhm.

Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

## Iarscríbhinn: Custaiméirí ar NPOanna iad

1. Agus measúnú á dhéanamh ar phróifíl riosca custaiméara nó custaiméara ionchasaigh atá ina NPO den chéad uair, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go bhfaighidh siad tuiscint mhaith ar rialachas an NPO, ar an gcaoi a maoinítear é, ar a ghníomhaíochtaí, ar an áit a n-oibríonn sé agus ar cé hiad a thairbhíthe. Ní nochtar gach NPO ar bhealach comhchosúil le riosca ML/TF, agus ba cheart do ghnólachtaí bearta riosca-íogaire a dhéanamh chun na nithe seo a leanas a thuiscint:
  - a) cé a rialaíonn an custaiméir agus cé hiad a úinéirí tairbhiúla. Mar chuid de sin, ba cheart do ghnólachtaí iontaobhaithe an NPO, nó a gcoibhéis, a chomhlacht rialaithe agus aon duine aonair eile a bhfuil smacht nó tionchar aige nó aici ar an NPO a shainaithint. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis amhail stádas dlíthiúil an NPO, tuairisc ar leagan amach rialachais an NPO agus/nó liosta den ionadaí dlíthiúil/de na hionadaithe dlíthiúla.
  - b) an chaoi a ndéantar an NPO a chistiú (tabhartais phríobháideacha, cistí rialtais, etc.). Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis faoin mbonn deontóirí, faoi fhoinsí maoinithe agus faoi mhodhanna tiomsaithe airgid, amhail tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais.
  - c) cad iad cuspóirí oibríochtaí an chustaiméara. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis amhail ráiteas misin an chustaiméara, liosta dá chláir agus buiséid, gníomhaíochtaí agus seirbhísí gaolmhara arna soláthar.
  - d) cé na catagóirí tairbhíthe a thairbhíonn de ghníomhaíochtaí an chustaiméara (mar shampla, dídeanaithe, eintitis dhlíthiúla a fhaigheann cúnamh trí sheirbhísí an NPO nó a leithéid). D'fhéadfadh ráitis mhisin nó doiciméid a bhaineann leis an bhfeachtas a bheith san áireamh sa doiciméadacht a bhailítear chun na críche sin.
  - e) cad iad na hidirbhearta is dócha a iarrfaidh an NPO, bunaithe ar a chuspóirí agus a phróifíl ghníomhaíochta, lena n-áirítear íocaíocht foirne nó soláthraithe arna bpostú thar lear, agus minicíocht, méid agus ceann scríbe geografach na n-idirbheart sin a bhfuiltear ag súil leo. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis amhail cairteacha eagraíochtúla, mínithe ar struchtúr eagraíochtúil an NPO, liosta dlínsí ina n-íoctar an fhoireann agus líon na bhfostaithe atá le híoc i ngach ceann acu.
  - f) i gcás ina seolann an NPO a chláir agus/nó a oibríochtaí, go háirithe cibé acu ar an leibhéal intíre amháin a dhéanann an NPO a ghníomhaíochtaí, nó i ndlínsí eile a bhaineann le rioscaí níos airde ML/TF agus i dtríú tíortha ardriosca. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis amhail liosta de na cláir, gníomhaíochtaí agus seirbhísí go léir arna soláthar ag an NPO, chomh maith le liosta de na suíomhanna geografacha a bhfreastalaítear orthu, lena n-áirítear a cheanncheathrú agus a limistéir oibríochtúla. Ba cheart do ghnólachtaí a mheas freisin, chun críocha Threoirlíne 8, an dócha go mbeidh forghníomhú íocaíochtaí le hinstiúid tríú tír i gceist le hidirbhearta an NPO.

### Fachtóirí riosca

2. Agus an riosca a bhaineann le custaiméirí ar NPOanna iad á shainiú, ba cheart do ghnólachtaí na fachtóirí riosca seo a leanas ar a laghad a mheas agus measúnú a dhéanamh orthu ar bhonn riosca-íogair:

#### *Rialachas agus feidhmiú rialaithe*

- a) An bhfuil stádas dlíthiúil ag an NPO faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí náisiúnta Ballstáit eile? An bhfuil aon doiciméadú ann ina leagtar amach a mhódúlachtaí rialachais agus ina sainiúntar iontaobhaithe an NPO, comhaltaí den chomhlacht rialaithe nó aon duine aonair eile a bhfuil smacht acu ar an NPO?
- b) An gceanglaítear le struchtúr dlíthiúil an NPO, le haghaidh a bhunaithe, cumas bainistíochta a chisteora nó a bhainisteoirí a thaispeáint?
- c) An gceanglaítear le struchtúr dlíthiúil an NPO nochtadh bliantúil ráiteas airgeadais?

#### *Cáil/Torthaí díobhálacha ó na meáin*

- d) Cé chomh deacair is atá sé do ghnólachtaí dea-cháil an NPO agus a bhainisteoirí a bhunú? An bhfuil cúis mhaith ann go bhféadfadh sé sin a bheith deacair, mar shampla toisc nár bunaíodh an NPO ach le déanaí, mar shampla sa 12 mhí a d'imigh thart?
- e) An bhfuil nasc ann arna chruthú ag foinsí ábhartha, iontaofa agus neamhspleácha idir an NPO agus an t-antaisceachas, an bholscaireacht antaisceach nó dáimh leis an sceimhlitheoireacht agus le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta?
- f) An raibh baint ag an NPO le mí-iompar nó le gníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le ML/TF, de réir foinsí ábhartha, iontaofa agus neamhspleácha?

#### *Modhanna cistiúcháin*

- g) An bhfuil cistiú an NPO trédhearcach agus cuntasach nó an bhfuil sé deacair é a rianú? An ndéanann sé a fhoinsí maoinithe a dhoiciméadú go poiblí agus an ndéantar iniúchtaí seachtracha orthu?
- h) An mbaineann rioscaí ML/TF le modhanna cistiúcháin an NPO? An bhfuil sé ag brath go hiomlán nó den chuid is mó ar thabhartais airgid, cripteashócmhainní nó sluchistithe? Nó an ndéantar foinsí cistí an NPO a threorú tríd an gcóras íocaíochta?
- i) An ndéanann deontóirí príobháideacha nó deontóirí ó dhlínsí a bhaineann le rioscaí níos airde ML/TF nó ó thríú tíortha ardriosca a shainiúntar go bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcóras AML/CFT acu, an NPO a chistiú, go páirteach nó go príomha?

#### *Oibríochtaí i ndlínsí a bhaineann le rioscaí níos airde ML/TF agus tríú tíortha ardriosca*

- j) An bhfuil an NPO ag feidhmiú nó i mbun cúnamh a thabhairt i ndlínsí a bhaineann le rioscaí níos airde ML/TF (arna mheas ar bhonn fachtóirí riosca a chuirtear i láthair i dTeideal I de na treoirlínte seo) nó i dtríú tíortha ardriosca (arna sainaitheint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849) nó i limistéir choinbhleachta?
- k) I gcásanna den sórt sin, an mbraitheann an NPO ar thríú páirtithe nó ar idirghabhálaithe chun a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích agus an bhfuil sé in ann é a mhíniú? Sa chomhthéacs sin, an bhfuil an NPO in ann faireachán a dhéanamh ar urscaoileadh na dtríú páirtithe sin agus maoirseacht leordhóthanach a dhéanamh air?
- l) An dócha go mbeidh forghníomhú idirbheart le hinstiúid is freagróir lonnaithe i ndlínsí a bhaineann le rioscaí ML/TF níos airde nó i dtríú tíortha ardriosca i gceist leis an gcaidreamh gnó leis an NPO?

3. Ba cheart do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh freisin ar na tosca seo a leanas ar a laghad a d'fhéadfadh cur le rioscaí a laghdú:

- a) Déantar róil agus freagrachtaí chomhlacht rialaithe NPO agus a bhainisteoirí a dhoiciméadú go soiléir.
- b) Tá ceangal dlíthiúil ar NPO a ráitis airgeadais a nochtadh go bliantúil nó tuarascáil bhliantúil a eisiúint ina sainaitheintear foinsí na gcistí, príomhchuspóir ghníomhaíochtaí NPO agus catagóirí tairbhíthe a chlár.
- c) Is féidir leis an NPO a léiriú go bhfuil nó go raibh sé faoi réir athbhreithnithe neamhspleácha nó iniúchtaí seachtracha.
- d) Tá dea-cháil phoiblí ar an NPO de réir foinsí ábhartha, iontaofa agus neamhspleácha.
- e) Faigheann an NPO maoiniú ó rialtais, ó eagraíochtaí fornáisiúnta nó idirnáisiúnta nach bhfuil baint acu le tríú tíortha ardriosca nó le dlínsí a bhfuil rioscaí ML/TF níos airde ag baint leo, agus is féidir foinse a chistiú a bhunú go soiléir.
- f) Níl aon nasc ag an NPO le tríú tíortha ardriosca, nó má tá, is féidir leis an NPO a léiriú go bhfuil bearta iomchuí déanta aige chun rioscaí ML/TF a mhaolú (mar shampla, leis an ainmniú foirne atá freagrach as comhlíonadh AML/CFT nó as dearadh nósanna imeachta chun catagóirí tairbhíthe an NPO a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí ML/TF a bhaineann leis sin).
- g) Ní fhágann gníomhaíochtaí agus tairbhíthe an NPO é do rioscaí níos airde ML/TF.
- h) Ní thugann an NPO cúnamh agus tacaíocht do dhaoine aonair ach amháin trí chabhair ábhair dhírigh, amhail trealamh TF nó feistí leighis a sholáthar.

4. I gcás ina mbíonn gníomhaíochtaí á gcur i gcrích ag an NPO i ndlínsí atá faoi réir smachtbhannaí an Aontais nó na Náisiún Aontaithe, ba cheart do ghnólachtaí a dheimhniú an mbaineann an NPO tairbhe as aon fhorálacha a bhaineann le cabhair dhaonnúil agus maoluithe

i gcórais smachtbhannaí airgeadais AE/NA, amhail díolúintí daonnúla nó maoluithe. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le conas freastal ar na custaiméirí sin agus i gcomhréir lena n-oibleagáidí caltha sócmhainní féin, ba cheart do ghnólachtaí fianaise a fháil a thugann dearbhú réasúnach go ndéanann an NPO a ghníomhaíochtaí sna dlínsí sin i gcomhréir leis na díolúintí dá bhforáiltear sa chóras, nó go dtairbhíonn sé de mhaolú arna dheonú ag údarás inniúil ábhartha.

5. Chun críocha an scagtha tosaigh agus le linn an chaidrimh ghnó a luaithe a bheidh sé bunaithe, ba cheart do ghnólachtaí na bearta is gá a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn an NPO agus a oibríochtaí. Ba cheart do ghnólachtaí ar dócha go mbeidh custaiméirí NPO acu, mar shampla toisc go soláthraíonn siad seirbhísí aistrithe airgid nó seirbhísí cuntais reatha, machnamh a dhéanamh ar phointe teagmhála tiomnaithe a bhunú don chatagóir shonrach custaiméirí sin chun tuiscint mhaith a bheith acu ar an gcaoi a mbunaítear an earnáil agus a n-oibríonn sí.